# FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA


**COMHAIRLE CATHRACH CHORCAÍ** **CORK CITY COUNCIL**

Fón/Tel: 021-4966222
Gréasán/Web: www.corkcity.ie
R-phost/E-mail: planning@corkcity.ie

Stiúrthóireacht Phleanála & Forbartha
Halla na Cathrach,
Corcaigh.


**SULA GCOMHLÍONTAR AN FHOIRM SEO TABHAIR AN MÉID SEO A LEANAS FAOI DEARA LE DO THOIL:**

**FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA CHAIGHDEÁNACH AGUS DOICIMÉADÚCHÁN TIONLACAIN:**

***Cinntigh le do thoil go gcomhlíontar gach cuid den fhoirm iarratais seo agus go sínítear í. Ba chóir don iarratasóir n/b (níl bainteach) a chur isteach nuair is cuí.***

***Cinntigh le do thoil go bhfuil an doiciméadúchán riachtanach go léir ceangailte leis an bhfoirm iarratais.***

Beidh an t-iarratas neamhbhailí má theiptear an fhoirm seo a chomhlánú nó an doiciméadúchán riachtanach a cheangal leis, nó má chuirtear an fhaisnéis mhícheart isteach nó má fhágtar faisnéis riachtanach ar lár.

**FAISNÉIS BHREISE**

***Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuil a phlean forbartha féin ag gach údarás pleanála, a leagann amach beartais agus cuspóirí forbartha áitiúla dá cheantar féin. Dá bhrí sin d'fhéadfadh go mbeadh gá ag an údarás le faisnéis fhorlíontach (.i. seachas í sin a éilítear san fhoirm seo) d'fhonn cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an gcloíonn an t-iarratas leis an bplean forbartha agus d'fhéadfadh sé í a iarraidh ar fhoirm iarratais fhorlíontach.***

***Ní dhéanfar an t-iarratas pleanála neamhbhailí má theiptear an fhaisnéis fhorlíontach a sholáthar. Mura soláthraítear í áfach, b'fhéidir nach mbeadh an t-údarás pleanála in ann a chinneadh cibé an mbronnfar nó nach mbronnfar cead ar bhonn na faisnéise atá ar fáil dó. Dá bhrí sin d'fhéadfadh teip i ndáil leis an bhfaisnéis seo a sholáthar moill a chur ar chinneadh maidir le hiarratas nó d'fhéadfadh diúltú ceada a bheith mar thoradh uirthi.***

***Mar sin ba chóir d'iarratasóirí dul i dteagmháil leis an údarás pleanála ábhartha chun a fháil amach cad iad na beartais agus cuspóirí áitiúla a bhainfeadh leis an bhforbairt beartaithe agus cibé an bhfuil tuilleadh faisnéise ag teastáil.***

**COSAINT SONRAÍ**

Tá an próiseas pleanála oscailte agus poiblí. Sa chomhthéacs sin, cuirtear na hiarratais phleanála uile ar fáil le hiniúchadh ag an bpobal agus foilsíonn Comhairle Cathrach Chorcaí liostaí seachtainiúla d'iarratais phleanála a fhaightear agus de chinntí a dhéantar. Cuirtear an fhaisnéis seo ar ár suíomh gréasáin freisin.

Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil daoine atá gafa le margaíocht dhíreach san earnáil ghnó ag díriú ar iarratasóirí de bharr iarratais phleanála a bheith á bhfoilsiú ag údaráis phleanála. Mar fhreagra ar iarratas ón gCoimisinéir Cosanta Sonraí, leis seo tugtar an deis duit tosaíocht a chur in iúl i ndáil le margaíocht dhíreach a éiríonn as iarratas pleanála a dhéanamh. D'fhéadfaí margaíocht dhíreach a dhéanamh tríd an bpost, ar an nguthán, de láimh, trí mheán r-phoist nó trí theachtaireacht téacs.

**Má táthar sásta margaíocht dhíreach a fháil cuir tic sa bhosca seo le do thoil.**
❑

**N.B.** Tá na haonáin sin ar mian leo úsáid a bhaint as na sonraí pearsanta ar iarratais phleanála agus ar liostaí cinntí chun críocha margaíochta dírí freagrach as a bheith sásta go ndéantar go dlisteanach é faoi riachtanais na nAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 & 2003 ag cur na tosaíochta léirithe thuas san áireamh.

# FOIRM IARRATAIS PHLEANÁLA

**1. Ainm an Údaráis Phleanála Ábhartha:** **Comhairle Cathrach Chorcaí**

**2. Suíomh na Forbartha Beartaithe:**

| | |
|---|---|
| Seoladh Poist **nó** Baile Fearainn **nó** Suíomh (a aithníonn an talamh nó an struchtúr ábhartha sa chaoi is fearr) | |

| | |
|---|---|
| Uimh. Thag. Léarscáile Suirbhéireachta Ordanáis (agus an Tagairt Eangaí nuair atá sí ar fáil) [1] | |

**3. Cineál an cheada pleanála (cuir tic sa bhosca cuí le do thoil):**

[ ] Cead

[ ] Cead coinneála

[ ] Cead Imlíneach

[ ] Cead de dheasca Bronnadh an Cheada Imlínigh

**4. Sa chás go bhfuil cead pleanála de dheasca bronnadh an cheada imlínigh:**

Uimhir Thagartha Chláraithe an Cheada Imlínigh: ______________________

Dáta Bronnta an Cheada Imlínigh: ____/____/_______

**5. Iarratasóir[2]:**

| | |
|---|---|
| *Ainm(neacha)* | |

Seoladh le soláthar ag Ceist 23

**6. Sa chás gur Cuideachta atá san Iarratasóir (cláraithe faoi Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 1999):**

| | |
|---|---|
| *Ainm(neacha) stiúrthóir(í) na cuideachta* | |
| *Seoladh Cláraithe*<br><br>*(na cuideachta)* | |

| | |
|---|---|
| *Uimh. Chláraithe na Cuideachta:* | |
| *Uimh. Ghutháin* | |
| *Seoladh Rphoist (más ann)* | |
| *Uimh. Facs (más ann)* | |

**7. Duine/Gníomhaire ag gníomhú ar son an Iarratasóra (más ann):**

| | |
|---|---|
| *Ainm* | |

Seoladh le soláthar ag Ceist 24

**8. Duine freagrach as ucht ullmhúchán na Líníochtaí agus na bPleananna[3]:**

| | |
|---|---|
| *Ainm* | |
| *Gnólacht / Cuideachta* | |

**9. Cur Síos ar an bhForbairt Bheartaithe:**

| | |
|---|---|
| *Mionchur síos ar nádúr agus ar fhairsinge na forbartha*[4] | |

**10. Leas Dlíthiúil an Iarratasóra sa Talamh nó Struchtúr:**

| | | |
|---|---|---|
| *Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil chun leas dlíthiúil an iarratasóra sa talamh nó struchtúr a léiriú* | **A.** *Úinéir* | **B.** *Áititheoir* |
| | **C.** *Eile* | |
| *Sa chás gur 'Eile' é an leas dlíthiúil, sonraigh do chuid leasa sa talamh nó struchtúr sa bhreis* | | |

| | |
|---|---|
| ***Murab ionann tú agus an úinéir dlíthiúil***, *sonraigh le do thoil ainm agus seoladh an úinéara agus soláthair litir toilithe ón úinéir i ndáil leis an iarratas a dhéanamh mar atá liostaithe sa doiciméadúchán tionlacain.* | |

**11. Achar an Láithreáin:**

| | |
|---|---|
| *Achar an láithreáin lena mbaineann an t-iarratas i heicteáir* | ha |

**12. Sa chás go mbaineann an t-iarratas le foirgneamh nó foirgnimh:**

| | |
|---|---|
| *Ollspás urláir[5] de chuid aon fhoirgnimh(foirgneamh) eisigh i m²* | |
| *Ollspás urláir na n-oibreacha beartaithe i m²* | |
| *Ollspás urláir na hoibre le coimeád i m² (más cuí)* | |
| *Ollspás urláir de chuid aon scartála i m² (más cuí)* | |

**13. Sa chás go mbíonn forbairt mheasctha i gceist (m.sh. cónaitheach, tráchtála, tionsclaíoch, s.rl.), soláthar miondealú le do thoil ar aicmí difriúla na forbartha agus miondealú ar oll-achar urláir de chuid gach aicme forbartha:**

| *Aicme na Forbartha* | *Oll-achar urláir i m²* |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

**14. Sa chás go mbíonn forbairt chónaitheach i gceist, soláthar miondealú ar an meascán cónaitheach le do thoil:**

| *Líon na* | Stiúideo | 1 Sheomra Codlata | 2 Sheomra | 3 Sheomra | 4 Sheomra | 4+ Seomra Codlata | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|---|

| | | | Codlat a | Codlat a | Codlat a | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *dTithe* | | | | | | | |
| *Árasáin* | | | | | | | |
| *Líon na spásanna páirceála le soláthar* | Atá Ann Cheana: | | | Atá Beartaithe: | | Iomlán: | |

**15. Áit a dtagraíonn an t-iarratas d'athrú ábhartha úsáide ar aon talamh nó struchtúr nó dá leithéid d'athrú úsáide ábhartha a choinneáil:**

| | |
|---|---|
| *Úsáid reatha (nó úsáid roimhe seo sa chás go bhfuil cead coinneála á iarraidh)* | |
| *Úsáid bheartaithe (nó an úsáid atá beartaithe a choinneáil)* | |
| *Nádúr agus fairsinge aon úsáid bheartaithe dá leithéid (nó an úsáid atá beartaithe a choinneáil)* | |

**16. Tithíocht Sóisialta agus Inacmhainne**

| **Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil** | ***Tá*** | ***Níl*** |
|---|---|---|
| *An ionann an t-iarratas agus iarratas ar chead le haghaidh forbartha lena mbaineann Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000?*[7] | | |
| Más é "tá" freagra na ceiste thuas agus níl an fhorbairt díolmhaithe (féach thíos), caithfear a shonrú, mar chuid den iarratas, an chaoi a bhfuil sé beartaithe cloí le halt 96 de Chuid V an Achta.<br><br>Más é "tá" freagra na ceiste thuas ach go meastar go bhfuil an fhorbairt díolmhaithe de bhua alt 97 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000[8], caithfear cóip den Deimhniú Díolúine faoi alt 97 a chur faoi bhráid (nó, sa chás go | | |

| | | |
|---|---|---|
| bhfuil iarratas ar dheimhniú díolúine déanta ach nach bhfuil cinneadh maidir leis déanta go fóill, ba chóir cóip den iarratas a chur faoi bhráid).<br><br>Más é "níl" freagra na ceiste thuas de bhua alt 96(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000[9], ba chóir sonraí a léiríonn an chúis go mbreithnítear go mbaineann alt 96(13) leis an bhforbairt a chur faoi bhráid. | | |

**17. Sonraí Forbartha**

| ***Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil*** | ***Tá*** | ***Níl*** |
|---|---|---|
| *An bhfuil an fhorbairt bheartaithe cuimsithe d'obair ar struchtúr cosanta agus/nó a chúirtealáiste nó ar struchtúr cosanta beartaithe agus/nó a chúirtealáiste?* | | |
| *An bhfuil an fhorbairt bheartaithe cuimsithe d'obair ar an taobh seachtrach de struchtúr atá lonnaithe i Limistéar Caomhantais Ailtireachta(Architectural Conservation Area)?* | | |
| *An bhfuil an t-iarratas bainteach le forbairt a chuireann isteach ar, nó atá i ngiorracht séadchomhartha nó áit atá taifeadta faoi alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta (Leasú), 1994*[10] | | |
| *An bhfuil an t-iarratas bainteach le hobair laistigh de nó i ngiorracht do Láithreán Eorpach (faoi I.R. Uimh. 94 de 1997) nó Limistéar Oidhreachta Nádúrtha?* | | |
| *An bhfuil sé de dhíth ar an bhforbairt bheartaithe go n-ullmhófaí Ráiteas Tionchar Timpeallachta?* | | |
| *An bhfuil an t-iarratas bainteach le forbairt atá cuimsithe de nó atá á bhaint amach ar mhaithe le gníomhaíocht a bhfuil ceadúnas um chosc agus rialú comhtháite ar thruailliú de dhíth uirthi?* | | |

| | | |
|---|---|---|
| | | |
| *An bhfuil an t-iarratas bainteach le forbairt atá cuimsithe de nó atá á bhaint amach ar mhaithe le gníomhaíocht a bhfuil ceadúnas dramhaíola de dhíth uirthi?* | | |
| *An bhfuil na Rialacháin Mórthionóisce bainteach leis an bhforbairt bheartaithe?* | | |
| *An bhfuil an t-iarratas bainteach le forbairt i gCrios Forbartha Straitéisí?* | | |
| *An bhfuil an fhorbairt bheartaithe bainteach le haon teach inátrithe a scartáil[12]?* | | |

## 18. Stair Láithreáin

| Sonraí maidir le stair an láithreáin (má tá ar eolas) |
|---|
| An bhfuil tuile riamh tar éis tarlú ar an láithreán áirithe seo, chomh fada agus is eol duit.<br><br>Tá [ ] Níl [ ]<br><br>Má tá, tabhair sonraí le do thoil m.sh. bliain, fairsinge.<br><br><br>An bhfuil tú eolach ar úsáidí an láithreáin roimhe seo, m.sh. dumpáil nó cairéalú?<br><br>Tá [ ] Níl [ ]<br><br>Má tá, tabhair sonraí le do thoil. |

| |
|---|
| An bhfuil tú eolach ar aon iarratais phleanála bhailí a rinneadh roimhe seo maidir leis an talamh/struchtúr seo? |
| Tá [ ] Níl [ ]<br><br>Má tá sonraigh le do thoil uimhir (uimhreacha) thagartha na pleanála agus an dáta(í) ar a bhfuair an t-údarás pleanála an t-iarratas pleanála (na hiarratais Phleanála) má tá sé ar eolas:<br><br>Uimh. Thagartha:___________________________________Dáta:__________<br><br>Má rinneadh iarratas pleanála bailí maidir leis an talamh nó struchtúr seo sa 6 mhí roimh chur faoi bhráid an iarratais seo, ní foláir don fhógra láithreáin a bheith ar chúlra buí faoi réir Airteagail 19(4) de chuid na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 arna leasú. |
| ***An bhfuil láithreán an togra faoi réir achomhairc reatha chuig An Bord Pleanála maidir le forbairt chomhchosúil[13]?*** |
| Tá [ ] Níl [ ]<br><br>*Uimh. Thagartha An Bord Pleanála*: ____________________ |

**19. Comhairliúchán Réamh-iarratais**

| |
|---|
| ***An bhfuil comhairliúchán réamh-iarratais tar éis tarlú maidir leis an bhforbairt bheartaithe [14]?*** |
| Tá [ ] Níl [ ]<br><br>Má tá, tabhair sonraí le do thoil:<br><br>Uimh. Thagartha (más ann): ____________________<br><br>Dáta(í) an chomhairliúcháin:____/____/_______<br><br>Daoine páirteach:_______________________________________________________<br><br>______________________________________________________________________ |

## 20. Seirbhísí

| ***Foinse Bheartaithe Soláthair Uisce*** |
|---|
| Ceangal eiseach [ ] Ceangal nua [ ]<br><br>Príomhlíne Phoiblí [ ] Grúpscéim Uisce [ ] Tobar Príobháideach [ ]<br><br>Eile (sonraigh le do thoil):<br>________________________________________<br><br>*Ainm na Grúpscéime Uisce (nuair is infheidhme)*<br><br>________________________________________ |
| ***Bainistíocht/Cóireáil Fuíolluisce Beartaithe*** |
| Eiseach [ ] Nua [ ]<br><br>Séarach Poiblí [ ] Córas comhghnásach umair sheiptigh [ ]<br><br>Córas cóireála eile ar an suíomh [ ] Sonraigh le do thoil<br>________________________________________ |
| ***Diúscairt Uisce Dromchla Beartaithe*** |
| Draein/Séarach Poiblí [ ] Sloc Súite [ ]<br><br>Sruthchúrsa [ ] Eile [ ] Sonraigh le do thoil<br><br>________________________________________ |

## 21. Sonraí an Fhógra Phoiblí

| | |
|---|---|
| *Nuachtán faofa[15] inar foilsíodh an fógra* | |
| *Dáta foilsithe* | |
| *Dáta a cuireadh in airde an fógra láithreáin* | |

## 22. Táille Iarratais

| | |
|---|---|
| *Táille Iníoctha* | |
| *Bunús an Ríomha* | |

| | |
|---|---|
| | |

**Dearbhaím leis seo, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, go bhfuil an fhaisnéis tugtha san fhoirm seo i gceart agus cruinn agus go gcloíonn sé go hiomlán leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú, agus leis na Rialacháin a rinneadh faoina chois sin:**

| | |
|---|---|
| *Sínithe (Iarratasóir nó Gníomhaire mar is cuí)* | |
| | |
| | |
| | |
| *Dáta* | |

**NB** **Cinntigh le do thoil, nuair is cuí, go bhfuil an <u>Fhoirm Iarratais Fhorlíontach</u> comhlíonta go hiomlán freisin.**

Ní bheidh an t-iarratasóir i dteideal an fhorbairt a chur i gcrích mar gheall ar chead pleanála amháin. D'fhéadfadh go mbeadh toiliú eile de dhíth ar an iarratasóir, ag brath ar chineál na forbartha. Mar shampla, ní foláir d'fhoirgnimh nua, do shíntí agus d'athruithe ar, chomh maith le hathruithe úsáide áirithe ar fhoirgnimh eiseacha cloí le rialacháin tógála, a leagann amach bunriachtanais dearaidh agus tógála.

## SONRAÍ TEAGMHÁLA

**23. Seoladh / sonraí teagmhála an iarratasóra[19]**

| | |
|---|---|
| *Iarratasóir* | |
| *Seoladh* | |

**24. Seoladh an ghníomhaire (más ann)[19]**

| | |
|---|---|
| *Gníomhaire (más ann)* | |

| | |
|---|---|
| *Seoladh* | |
| **Ar chóir an comhfhreagras go léir a sheoladh chuig an seoladh thuasluaite? (cuir tic sa bhosca le do thoil)**<br>Ba chóir [ ] Níor chóir [ ]<br>(Tabhair faoi deara le do thoil go seolfar an comhfhreagras go léir chuig seoladh an Iarratasóra más é 'Níor chóir' freagra na ceiste.) | |

Coimeádfar gnéithe den iarratas maidir le hainm agus seoladh a soláthraíodh i gCeisteanna 23-24, agus beidh siad ar fáil le haghaidh iniúchta / ceannaigh ag an bpobal de réir Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 agus rialachán gaolmhar le haghaidh tréimhse 7 mbliana ag tosú ar an dáta ar a ndéantar an cinneadh.

**SONRAÍ TEAGMHÁLA BREISE**

Soláthraítear faisnéis teagmhála bhreise cosúil le seoltaí rphoist nó uimhreacha gutháin go deonach agus ní bhainfidh an tÚdarás Pleanála úsáid astu ach amháin má mheastar go bhfuil sé riachtanach dul i dteagmháil leat i ndáil le riar an iarratais. Ní chuirfear na sonraí seo ar fáil d'aon tríú páirtí ach amháin An Bord Pleanála i gcás achomhairc, agus arís ní úsáidfidh An Bord Pleanála iad seachas chun an t-achomharc a riar. Scriosfar an fhaisnéis teagmhála breise ar chomhlánú an phróisis iarratais agus nuair nach gcuirtear aon achomharc ar aghaidh chuig An Bord Pleanála.

✂-----------------------------------------------------------------------------------------------------

| | |
|---|---|
| *Uimhir ghutháin* | |
| *Seoladh rphoist* | |
| Baineann na sonraí thuas le:<br>An t-iarratasóir [ ] An gníomhaire [ ] | |

**D'ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN**

Uimh. Fáltais___________________________ Táille: Aisíocaíocht ________________

Faighte _____________________________ Iarmhéid Dlite ____________________

Uimh. T.P. ______________________________ Dáta Faighte ____________________

# FOIRM IARRATAIS FHORLÍONTACH

Freagraigh na ceisteanna uile go hiomlán le do thoil

**1.** An bhfuil an t-iarratas seo ag baint le síneadh ar áras teaghlaigh: Tá [ ] Níl [ ]

**N.B** – Caithfidh gurb ionann an ***t-áras teaghlaigh*** thuas agus do theach príobháideach buan.

Dearbhóidh do fhreagra leibhéal na Ranníocaíochta Forbartha a bheidh le híoc.

**2.** Má fhreagraítear Tá le ***Ceist 1*** agus murab ionann seoladh an Iarratasóra atá soláthraithe ag ***Ceist 23*** agus suíomh na forbartha beartaithe, sonraigh an chúis atá leis sin le do thoil:

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**3. Ranníocaíocht Forbartha:** Ríomhfar achar urláir na forbartha beartaithe mar oll-achar urláir sheachtrach de chuid an spáis urláir uile ar gach stór agus leibhéal, lena n-áirítear leibhéil na talún, an idirurláir, an íoslaigh agus an íos-chrochta. Tomhaistear oll-achar urláir sheachtrach ó **lasmuigh** de bhallaí seachtracha aon fhoirgnimh nó struchtúir bheartaithe, agus áirítear ballaí inmheánacha, pasáistí, limistéir stórála, folúis s.rl.

Oll-achar urláir iomlán ………………………………………. Méadar cearnach

(bíodh gach urlár agus íoslach chomh maith le páirceáil íoslaigh san áireamh)

Oll-achar urláir:

| | |
|---|---|
| Struchtúr Eiseach | Seachtrach ………………………….Méadar cearnach |
| Oibreacha Beartaithe | Seachtrach ………………………….Méadar cearnach |
| Obair le coinneáil | Seachtrach …………………………Méadar cearnach |
| Le scartáil | |

| | |
|---|---|
| | Seachtrach …………………………Méadar cearnach |
| Achar faoi réir athraithe úsáide | Seachtrach …………………………Méadar cearnach |

**4. Sceideal na n-Achar Urláir agus na n-Úsáidí**

(a) Ba chóir sceideal d'achair urláir agus d'úsáidí beartaithe a sholáthar le gach iarratas. (na toisí seachtracha a chinneann an t-achar)

(b) Nuair a bheartaítear athrú a dhéanamh ar úsáid, soláthrófar Sceideal de na hachair urláir agus na húsáidí eiseacha/ceadaithe.

(c) Maidir le forbairt Chónaitheach/Árasáin, soláthrófar Sceideal d'achair urláir de chuid gach aonaid.

**Dearbhaím leis seo, ar feadh m'eolais agus mo thuairime, go bhfuil an fhaisnéis tugtha sa bhfoirm seo i gceart agus cruinn.**

Sínithe: ___________________________________ Dáta: ____/____/_________

(Iarratasóir nó Gníomhaire mar is cuí)

**Ba chóir don doiciméadúchán seo a leanas gabháil leis an bhfoirm seo:**

Tabhair faoi deara le do thoil go measfar go bhfuil an t-iarratas neamhbhailí mura n-áirítear an doiciméadúchán cuí.

**Iarratais Phleanála UILE**

- ☐ Leathanach ábhartha an nuachtáin ina bhfuil an fógra maidir leis an iarratas
- ☐ Cóip den fógra láithreáin
- ☐ 6 chóip de léarscáil an tsuímh láithreáin[16]
- ☐ 6 chóip de phlean láithreáin nó leagain amach [16+17]
- ☐ 6 chóip de phleananna agus de shonraí eile atá ag teastáil chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha lena mbaineann an fhorbairt (áirigh líníochtaí mionsonraithe de phleananna urláir, airdí agus gearrthacha – seachas i gcás ceada imlínigh)
- ☐ An Táille Phleanála chuí

**Nuair nach ionann an t-iarratasóir agus úinéir dlíthiúil na talún nó an struchtúir ábhartha:**

- ☐ Toiliú scríofa ón úinéir chun an t-iarratas a dhéanamh

**Nuair a dhéantar iarratas ar fhorbairt chónaitheach atá faoi réir Coda V den Acht 2000:**

- ☐ Sonraíocht maidir leis an gcaoi a bhfuil sé beartaithe cloí le halt 96 de Chuid V

***Nó***

- ☐ Deimhniú Díolúine ó riachtanais na Coda V

***Nó***

- ☐ Cóip den iarratas ar dheimhniú díolúine curtha faoi bhráid.

**Nuair a dhéantar iarratas ar fhorbairt chónaitheach nach bhfuil faoi réir Coda V den Acht 2000 de bhua alt 96(13) den Acht:**

- ☐ Faisnéis a léiríonn an chúis go mbreithnítear go mbaineann alt 96(13) leis an bhforbairt.

**Modh diúscartha fuíolluisce le haghaidh na forbartha beartaithe atá éagsúil ó shéarach poiblí**

- ☐ Faisnéis ar an gcóras cóireála ar an suíomh atá beartaithe agus fianaise ar oiriúnacht an láithreáin don chóras atá beartaithe.

**Nuair a thagraíonn an t-iarratas do struchtúr cosanta / struchtúr cosanta beartaithe/ nó do thaobh seachtrach de struchtúr atá lonnaithe i limistéar caomhantais ailtireachta (ACA):**

- ☐ Grianghraif, pleananna agus sonraí eile atá riachtanach chun a léiriú conas a rachadh an fhorbairt i bhfeidhm ar thréith an struchtúir.

**Iarratais a thagraíonn d’athrú úsáide ábhartha nó d'athrú úsáide ábhartha dá leithéid a choinneáil:**

- ☐ Pleananna (lena n-áirítear plean láithreáin nó leagain amach agus líníochtaí de phleananna urláir, airdí agus gearrthacha a chloíonn le riachtanais an Airteagail 23) agus sonraí eile atá ag teastáil chun cur síos a dhéanamh ar na hoibreacha atá beartaithe.

**Nuair a éilíonn iarratas Ráiteas Tionchair Timpeallachta:**

- ☐ Ráiteas Tionchair Timpeallachta

**Iarratais atá díolmhaithe ó tháillí pleanála:**

- ☐ Cruthúnas cáilitheachta le haghaidh díolúine[18]

**Treoracha Maidir Le Comhlánú na Foirme Seo.**

1. Tagairt eangaí i ndáil le Tras-mercator na hÉireann (Irish Transverse Mercator).

2. Is ionann "an t-iarratasóir" agus an duine atá ag iarraidh ceadúnais phleanála, ní gníomhaire atá ag gníomhú ar a s(h)on.

3. Sa chás go mbíonn pleananna dréachtaithe ag gnólacht/cuideachta ba chóir ainm an duine atá freagrach den chuid is mó as ullmhú na líníochtaí agus na bpleananna, ar son na gnólachta/cuideachta sin, a sholáthar.

4. Cur síos gearr ar nádúr agus ar fhairsinge na forbartha, lena n-áirítear tagairt do líon agus d'airde na bhfoirgneamh, na struchtúr cosanta, s.rl.

5. Is ionann ollspás urláir agus an t-achar a ríomhtar tríd an spás urláir ar gach urlár i bhfoirgneamh a thomhas go hinmheánach; .i. Caithfear achair urláir a thomhas ó laistigh den bhalla seachtrach.

6. Más ionann an úsáid eiseach agus 'folamh', sonraigh le do thoil an úsáid údaraithe is déanaí a baineadh as an talamh nó an struchtúr.

7. Feidhmíonn Cuid V den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 sna cásanna seo a leanas –
   - nuair a dhéantar criosú ar thalamh le haghaidh úsáide cónaithí nó le haghaidh meascán d'úsáidí cónaitheacha agus eile;
   - nuair atá cuspóir i bPlean Forbartha an cheantair i ndáil le céatadán den talamh a chur ar fáil le haghaidh tithíochta sóisialta agus/nó inacmhainne; agus
   - nuair nach bhfuil an fhorbairt bheartaithe díolmhaithe ó Chuid V.

8. Faoi alt 94 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, d'fhéadfadh iarratais a bhaineann le 4 theach nó níos mó a fhorbairt nó le talamh atá níos lú ná 0.1 heicteár a fhorbairt a bheith díolmhaithe ó Chuid V.

9. Faoi alt 96(13) den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000, ní bhaineann Cuid V le forbairtí tithíochta áirithe ag comhlachtaí tithíochta deonacha faofa, le hathchóirithe áirithe, le cur i gcrích oibreacha ar theach eiseach nó le forbairt tithe faoi chomhaontú déanta faoi alt 96 den Acht.

10. Tá an Taifead Séadchomharthaí agus Áiteanna, faoi alt 12 d'Acht na Séadchomharthaí Náisiúnta 1994, ar fáil, le haghaidh gach contae, sna húdaráis áitiúla agus leabharlanna poiblí sa chontae sin. Tabhair faoi deara freisin le do thoil má chuireann an fhorbairt bheartaithe isteach ar nó má tá sí i ngiorracht séadchomhartha náisiúnta atá, faoi Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 go 2004, faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus

Rialtais Áitiúil nó údaráis áitiúil nó atá ina hábhar d'ordú caomhnaithe nó d'ordú caomhnaithe sealadach, tá toiliú reachtúil ar leithligh ag teastáil, faoi Achtanna na Séadchomharthaí, ón Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Le haghaidh faisnéise maidir le cibé an bhfuil séadchomharthaí náisiúnta faoi úinéireacht nó faoi choimirce an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil nó údaráis áitiúil ná cibé an bhfuil siad ina n-ábhar d'orduithe caomhnaithe, déan teagmháil le Rannóg na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (1890 20 20 21).

11. Bíonn Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RTT) ag teastáil d'aicmí forbartha atá leagtha síos ag Airteagal 93 agus Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001-2006. De réir Airteagail 103 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, d'fhéadfadh go mbeadh RTT ag teastáil freisin le haghaidh forbairtí atá faoi bhun na tairsí forordaithe má bhreithníonn an t-údarás pleanála gur dóchúil go mbeidh tionchair suntasacha ag an bhforbairt ar an gcomhshaol nó, áit a mbíonn an fhorbairt lonnaithe ar nó i gceantar, láithreán, s.rl. atá leagtha amach in Airteagal 103(2), gur dóchúil go mbeadh tionchair suntasacha ag an bhforbairt ar chomhshaol an cheantair, an láithreáin sin, s.rl.

12. Tá ceadúnas pleanála ag teastáil chun teach ináitrithe a scartáil.

13. Caithfear an t-achomharc a chinneadh nó a tharraingt siar sula ndéanfar iarratas comhchosúil.

14. Ní féidir comhairliúchán réamh-iarratais fhoirmiúil a dhéanamh ach amháin faoi Alt 247 den Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000. Cé nach bhfuil sé éigeantach, moltar comhairliúchán réamhphleanála a dhéanamh. Ba chóir don iarratasóir dul i dteagmháil leis an údarás pleanála chun amanna agus láithreacha sonracha a shocrú. I gcás na forbartha cónaithí lena mbaineann Cuid V den Acht 2000, tugtar comhairle d'iarratasóirí leas a bhaint as an áis chomhairliúcháin réamh-iarratais d'fhonn a chinntiú gur féidir teacht ar chomhaontú Coda V i bprionsabal sula gcuirtear an t-iarratas pleanála faoi bhráid.

15. Tá liosta de nuachtáin faofa, ar mhaithe le fógra rúin a thabhairt go bhfuiltear chun iarratas pleanála a dhéanamh, ar fáil ón údarás áitiúil faoina gcuirfear an t-iarratas faoi bhráid.

16. Ba chóir do na pleananna, líníochtaí agus léarscáileanna uile a chuirtear faoi bhráid an údaráis phleanála cloí le riachtanais na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt 2001-2006.

17. Ba chóir do láthair an fhógra(na bhfógraí) láithreáin a bheith léirithe ar léarscáil an tsuímh láithreáin.

18. Féach Sceideal 9 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001. Má thairgtear táille laghdaithe, ba chóir sonraí ar íocaíochtaí agus ar cheadúnais phleanála ábhartha roimhe seo a sholáthar. Má tá díolúine ó íocaíocht na dtáillí á éileamh faoi

Airteagal 157 de na Rialacháin 2001, ba chóir fianaise ar chruthúnas incháilitheachta le haghaidh díolúine a sholáthar.

19. Ba chóir ainm agus seoladh an Iarratasóra agus an Ghníomhaire (más ann) a áireamh anseo.